

-
- | | | |
|----|--|---|
| 1. | Cad a rinne tú an tseachtain seo?
<i>Bhí mé ag ...</i>
<i>Chuaigh mé go (dtí an) ...</i>
<i>Chonaic mé ...</i>
<i>D'ith mé ...</i> | What did you do this week?
<i>I was at ...</i>
<i>I went to (the) ...</i>
<i>I saw ...</i>
<i>I ate ...</i> |
| 2. | An bhfuil suim agat sa stair? Cén chuid den stair a thaitníonn leat? | Are you interested in history: Which aspect of history do you like? |
| 3. | Ar léigh tú leabhar nó ar bhreathnaigh tú ar chlár a bhaineann leis an stair? | Did you read a book or watch a program associated with history. |
| 4. | An raibh tú in áit scanrúil riamh? | Were you ever in a scary place? |

Rothaí an tSaoil Feargal Mac Ionnrachtaigh

Wheels of Life

1. Cathair Béal Feirste, cathair ársa atá tógtha i mbéal Abhainn an Lagáin agus Loch Lao, cathair a bhfuil cion faoi leith agam uirthi.

Belfast, an ancient city built at the mouth of River Lagan and Belfast Lough, a city for which I have a special affection.
2. Tá cairde den scoth agam anseo, agus tá mé tógtha leis an spiorad daonna agus fuinneamh atá acu.

I have the best of friends here, and I am taking with the human spirit and energy they have.
3. Tar éis fulaingt na dTrioblóidí agus an marú agus foréigin a tharla, tá pobal na cathrach seo faoi bhóthar na síochána agus an athmhuintearais.

After the suffering of the Troubles and the killing and violence that happend, the people of this city are on the road to peace and reconciliation.
4. Tá mé anseo in Iarthair Béal Feirste, ceann de na ceantracha is measa a buaileadh le linn na coimhlinte ó Thuaidh,

I am here in West Belfast, one of the areas that was worse hit during the conflict in the North.
5. atá ag cruthú saol níos fearr daofa féin (dóibh féin), dá muintir agus don phobal i gcoitinne.

that are creating a better life for themselves, for their family and for the community in general
6. Agus duine atá i gcoílár na hoibre sin ná Feargal Mac Ionnrachtaigh, agus tá mé ag súil go mór aithne níos fearr a chur air.

And a person who is in the very center of this work is Feargal Mac Ionnrachtaigh, and I am really looking forward to getting to know him better.
7. Fáilte romhat, a Áine.
Deas tú a fheiceáil.
Deas tú a fheiceáil.
Tá fáilte romhat ag an Sliabh Dubh.

Welcome, Anne.
Nice to see you.
Nice to see you.
Welcome to Black Mountain.
8. Tá sé deas a bheith anseo.
Cad é do bharúil den radharc?
Deas, iontach deas ar lá breá mar seo.
Lá breá. Níl an fheartainn ann.

It's nice to be here.
What is your opinion of the view?
Nice, very nice on a fine day like this.
A fine day. There's no rain.

9. A Fheargail, inis *domh* (dom) ar dtús, nuair a bhí tusa ag fás aníos, cé mhéad agaibh a bhí sa teaghlach? Inis *domh faoin chlann* (faoin gclann) agus d'óige. Feargal, tell me first, when you were growing up, how many of you were in the family? Tell me about the family and your youth.
10. *So*, is mise an duine is óige as ceathrar agus tógadh muid anseo *anns an cheantar seo* (sa cheantar seo). Tógadh muid i gceantar d'arb ainm 'Cnoc Dhiarmada' anseo, ag cosa an tSléibhe Dhuibh. So, I'm the youngest of four and we were raised in this area. We were raised in an area called „Diarmad's Hill” here, at the foot of Black Mountain.
11. Cad é an cineál saoil a bhí agat i do ghasúr beag ag fás aníos abhus anseo? An raibh sé ... bhí tú giota beag amuigh *ón chathair* (ón gcathair) ab ea? What type of life did you have when you were as a little boy? Were you ... you were a little bit away from the city, right?
12. Bhuel, is cuimhin liomsa é mar saol sona, le bheith ionraice. Ach ag an am céana ag amharc siar ar an rud, ní mó ná a bhí normálta faoi *anns an chéad* ina bhfuilimid ag fás. Well, I remember it as a happy life, to be honest, but at the same time looking back on the thing, it wasn't normal in the century in which we were are being raised.
13. Mar a luaigh mé, tháinig mise ar an saol in ochtó a haon, bliain atá corraithe ar fad anns an cheantar seo. As I noted, I was born in '81, a year that was very turbulent in this area.
14. Bhí triúr i ndiaidh bás a fháil ar stailc ocráis. Bhí mo mháthair a rá go raibh mé féin ag torramh Bobby Sands ina bolg. Three people had just died on a hunger strike. My mother said that I was at Bobby Sands funeral in her womb.
15. Fuair seisean bás ar an chúigiú lá de Bhealtaine, bhí an torramh ar siúl ar an naoú lá. Tháinig mise ar an tsaoil an seachtú lá is fichead de Mhí na Bealtaine. He died on the fifth of May, the funeral was on the ninth. I was born on the twenty seventh of May.
16. Agus ag an am, bhí mo mháthair iontach gníomhach *in the Anti H-Block Committee*, mar chuid den cineál réadú ollmhór pobail ag an am sin. And at the time, my mother was very active in the Anti H-Block Committee, as part of the, sort of, massive community response at the time.

-
17. *So, is dóigh liom go raibh an phobal go mór faoi ghruaim agus faoil léigear nuair a tháinig mise ar an tsaoil.* So, I suppose the community was downtrodden and under siege when I came into the world.
18. *Bhí an pobal ag éirí amach go sonrach in aghaidh forlámhas airm na Breataine anseo, sa cheantar seo.* The people were rising up, particularly against the oppression of the British arm here, in this area.
19. *Nuair a tháinig am domhsa, bhí mo dhuine go hiomlán faoi smacht ag fórsaí míleata na Breataine. Bhí círéib bhearaice anns a cheantar.* What my time came, people were completely under the control of the British military forces. There was a barracks riot in the area.
20. *Ag amharc siar, agus ní amharcann mé siar ar seo mar rudaí a bhí scanrúil nó scáfar ag an am.* Looking back, and I don't look back on this as things that were scary or frightening at the time.
21. *Bhí sé iomlán normálta. Sin an fás aníos a bhí againn.* It was completely normal. That's the upbringing we had.

Ceisteanna

Questions

- | | |
|--|---|
| 1. Cá bhfuil Béal Feirste suite? | Where is Belfast located? |
| 2. Cad atá ag Áine i mBéal Feirste? | What does Anne have in Belfast? |
| 3. Cén áit a bhfuil Áine don agallamh? | Where is Anne for the interview? |
| 4. An raibh sé ag cur báistí? | Was it raining? |
| 5. Cé mhéad páiste a bhí i gclann Fheargail? | How many children were in Feargal's family? |
| 6. An raibh saol sona ag Feargal, dar leisean? | Did Feargal have a happy life, according to him? |
| 7. Cén bhliain inar rugadh Feargal? | In which year was Feargal born? |
| 8. Cad a tharla ar an 5ú (cúigiú lá de) Bealtaine, 1981 (naoi gcéad ochtó a haon)? | What happened on the fifth of May, 1981. |
| 9. Cad a rinne máthair Fheargail? | What did Feargal's mother do? |
| 10. An raibh cúrsaí scanrúil nó scáfar agus Feargal óg? | Where matters scary and terrible when Fergal was young? |